*IARSCRÍBHINN XII*

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Pholainn**

## 1. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

1. 31990 L 0385: Treoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le féistí inphlandaithe míochaine gníomhacha (IO L 189, 20.7.1990, lch. 17), mar atá arna leasú le:

— 31993 L 0068: Treoir 93/68/CE ón gComhairle an 22.7.1993 (IO L 220, 30.8.1993, lch. 1).

Teastais arna n-eisiúint ag an Institiúid Chógas (Instytut Leków) le haghaidh na bhfeistí míochaine sin arna sainiú mar 'ábhair mhíochaine' faoi dhlí an 10 Deireadh Fómhair 1991:Ustawa o środkach farmaceutycznych, materiałach medycznych, aptekach, hurtowniach i Inspekcji Farmaceutycznej (Dz. U. 1991 Nr 105, poz. 452 ze zm.), agus faoina reachtaíocht thánaisteach an 6 Aibreán 1993: Zarządzenie Ministra Zdrowia w sprawie wykazu jednostek upoważnionych do przeprowadzenia badań laboratoryjnych i klinicznych oraz warunków przeprowadzenia tych badań (M.P. 1993 Nr 20, poz. 196), roimh theacht i bhfeidhm do dhlíthe an 27 Iúil 2001: Ustawa o wyrobach medycznych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 1380) agus Ustawa o urzędzie Rejestracji Produktów Leczniczych, Wyrobów Medycznych i Produktów Biobójczych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 1379 ze zm.) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2002, fanfaidh siad bailí go dtí a ndul in éag nó go dtí an 31 Nollaig 2005, cibé acu is túisce. De mhaolú ar Airteagal 5 de Threoir 90/385/CEE, ní chuirfear d'iachall ar Bhallstáit aitheantas a thabhairt do theastais den sórt sin.

Féadfaidh Ballstáit cosc a chur le feistí míochaine Polainneacha a chur ar a margaí fad nach bhfuil siad ar cothrom leis an Treoir mar atá arna leasú.

2. 31993 L 0042: Treoir 93/42/CE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí míochaine (IO L 169, 12.7.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32001 L 0104: Treoir 2001/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7.12.2001 (IO L 6, 10.1.2002, lch. 50).

Teastais arna n-eisiúint ag an Institiúid Chógas (Instytut Leków) le haghaidh na bhfeistí míochaine sin arna sainiú mar 'ábhair mhíochaine' faoi dhlí an 10 Deireadh Fómhair 1991:Ustawa o środkach farmaceutycznych, materiałach medycznych, aptekach, hurtowniach i Inspekcji Farmaceutycznej (Dz U. 1991 Nr 105, poz. 452 ze zm.), agus faoina reachtaíocht thánaisteach an 6 Aibreán 1993: Zarządzenie Ministra Zdrowia w sprawie wykazu jednostek upoważnionych do przeprowadzenia badań laboratoryjnych i klinicznych oraz warunków przeprowadzenia tych badań (M. P. 1993 Nr 20, poz. 196), roimh theacht i bhfeidhm do dhlíthe an 27 Iúil 2001: Ustawa o wyrobach medycznych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 1380) agus Ustawa o urzędzie Rejestracji Produktów Leczniczych, Wyrobów Medycznych i Produktów Biobójczych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 130 ze zm.) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2002, fanfaidh siad bailí go dtí a ndul in éag nó go dtí an 31 Nollaig 2005, cibé acu is túisce. De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Threoir 93/42/CEE, ní chuirfear d'iachall ar Bhallstáit aitheantas a thabhairt do theastais den sórt sin.

Féadfaidh Ballstáit cosc a chur le feistí míochaine Polainneacha a chur ar a margaí fad nach bhfuil siad ar cothrom leis an Treoir mar atá arna leasú.

3. 31998 L 0079: Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí míochaine fáthmeasa in vitro (IO L 331, 10.1.2002, lch. 1).

Teastais arna n-eisiúint ag an Institiúid Chógas (Instytut Leków) le haghaidh na bhfeistí míochaine sin arna sainiú mar 'ábhair mhíochaine' faoi dhlí an 10 Deireadh Fómhair 1991:Ustawa o środkach farmaceutycznych, materiałach medycznych, aptekach, hurtowniach i Inspekcji Farmaceutycznej (Dz. U. 1991 Nr 105, poz. 452 ze zm.), agus faoina reachtaíocht thánaisteach an 6 Aibreán 1993: Zarządzenie Ministra Zdrowia w sprawie wykazu jednostek upoważnionych do przeprowadzenia badań laboratoryjnych i klinicznych oraz warunków przeprowadzenia tych badań (M. P. 1993 Nr 20, poz. 196), roimh theacht i bhfeidhm do dhlíthe an 27 Iúil 2001: Ustawa o wyrobach medycznych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 1380) agus Ustawa o urzędzie Rejestracji Produktów Leczniczych, Wyrobów Medycznych i Produktów Biobójczych (Dz. U. 2001 Nr 126, poz. 130 ze zm.) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2002, fanfaidh siad bailí go dtí a ndul *in éag* nó go dtí an 31 Nollaig 2005, cibé acu is túisce. De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Threoir 98/79/CEE, ní chuirfear d'iachall ar Bhallstáit aitheantas a thabhairt do theastais den sórt sin.

Féadfaidh Ballstáit cosc a chur le feistí míochaine Polainneacha a chur ar a margaí fad nach bhfuil siad ar cothrom leis an Treoir mar atá arna leasú.

4. 32001 L 0082: Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míochaine tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

Údaruithe margaíochta do na táirgí cógaisíochta atá ar an liosta (i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo mar atá arna sholáthar ag an bPolainn in aon teanga amháin) arna n-eisiúint faoi dhlí na Polainne roimh dháta an aontachais, fanfaidh siad, de mhaolú ar na ceanglais cháilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta atá leagtha síos i dTreoir 2001/82/CE, bailí go dtí go ndéanfar iad a athnuachan i gcomhlíonadh an acquis agus i gcomhréir leis an amchlár atá leagtha amach sa liosta thuasluaite, nó go dtí an 31 Nollaig 2008, cibé acu is túisce. D'ainneoin fhorálacha Theideal III, Caibidil 4, den Treoir, ní thairbheoidh údaruithe margaíochta arna bhfolú ag an maolú seo d'aitheantas frithpháirteach sna Ballstáit.

5. 32001 L 0083: Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míochaine d'úsáid an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Údaruithe margaíochta do na táirgí cógaisíochta atá ar an liosta (i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo mar atá arna sholáthar ag an bPolainn in aon teanga amháin) arna n-eisiúint faoi dhlí na Polainne roimh dháta an aontachais, fanfaidh siad, de mhaolú ar na ceanglais cháilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta atá leagtha síos i dTreoir 2001/83/CE, bailí go dtí go ndéanfar iad a athnuachan i gcomhlíonadh an acquis agus i gcomhréir leis an amchlár atá leagtha amach sa liosta thuasluaite, nó go dtí an 31 Nollaig 2008, cibé acu is túisce. D'ainneoin fhorálacha Theideal III, Caibidil 4, den Treoir, ní thairbheoidh údaruithe margaíochta arna bhfolú ag an maolú seo d'aitheantas frithpháirteach sna Ballstáit.

## 2. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;

31968 L 0360: Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21);

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 31992 R 2434: Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle an 27.7.1992 (IO L 245, 26.8.1992, lch. 1);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar atá sainithe in Airteagal I de Threoir 96/71/CE idir an Pholainn, ar thaobh amháin, agus an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal 39 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, a rialaíonn rochtain ar a margaí saothair ag náisiúnaigh na Polainne, a chur i bhfeidhm. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na Polainne atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Ballstáit sin tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstát eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh na Polainne arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de na cearta céanna. Scoirfidh náisiúnaigh an Polainne atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thuas de thairbhiú de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstáit láithrigh i dtrácht.

Náisiúnaigh na Polainne atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó le linn tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm agus a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iarraidh sin don Pholainn, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iarraidh a fháil ón bPolainn.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán 1612/68 (CEE) i leith náisiúnaigh na Polainne agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na Polainne i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Polainne, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh tsaothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann sé suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhú go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh 1612/93 á fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a tréimhse agus a raon feidhme. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Chinnidh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí, agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm sa Pholainn ag Airteagal 11 den Rialachán i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus beidh feidhm aige sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na Polainne faoi na coinníollacha seo a leanas:

— na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10 (1) (a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach in éineacht leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlach oibrí atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí;

— na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10 (1) (a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach in éineacht leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúisce atá cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach féidir forálacha áirithe de Threoir 68/360/CEE a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Pholainn agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Pholainn bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh na mBallstát nó an Bhallstáit i dtrácht.

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Pholainn dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith Phoblacht na Seice, nó na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, na Slóivéine nó na Slóvaice. I rith aon tréimhse den sórt sin, déanfar ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an bPolainn chun críocha faireacháin a eisiúint go huathoibríoch chuig náisiúnaigh Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, na Slóivéine nó na Slóvaice.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar atá ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Fad a chuireann siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibrithe na Polainne, féadfaidh an Ghearmáin nó an Ostair, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach a bhaineann le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart chun gabháil le hobair faoi réir beart náisiúnta sa Ghearmáin nó san Ostair, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha íogaire seirbhíse ar a margaí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair trasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus an maolú sin á dhéanamh d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Pholainn, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

— sa Ghearmáin:

| Earnáil | Cód NACE ([1]) mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 Glantachán tionsclaíoch |
| Seirbhísí eile | 74.78 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin |

— san Ostair:

| Earnáil | Cód NACE ([1]) mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta | 01.41 |
| Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú | 26.7 |
| Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú | 28.11 |
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Gníomhaíochtaí slándála | 74.60 |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 |
| Altranas tí | 85.14 |
| Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht | 85.32 |

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Pholainn, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní bheidh de thoradh ar éifeacht an mhír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibrithe idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Pholainn ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní bheidh de thoradh ar éifeacht míreanna 2 go 5 agus 7 go 13 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na Polainne ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de na Ballstáit seachas oibrithe is náisiúnaigh de thríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibrithe imirceacha Polannacha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Pholainn, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstát sin nó sa Pholainn faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Pholainn ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na Polainne.

---

(1) NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le 32002 R 0029: Rialachán (CE) Uimh. 29/2000 ón gCoimisiún an 19.12.2001 (IO L 6, 10.1.2002, lch. 3).

## 3. SAOIRSE SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

1. 31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997 lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh sa Pholainn go dtí an 31 Nollaig 2007. Áiritheoidh an Pholainn go bhforálfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí do chumhdach nach lú ná EUR 7 000 go dtí an 31 Nollaig 2004, do chumhdach nach lú ná EUR 11 000 ón 1 Eanáir 2005 go dtí an 31 Nollaig 2005, do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2006 agus do chumhdach nach lú ná EUR 19 000 ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007.

Le linn na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu féin cosc a chur le brainse de ghnólacht Pholannach infheistíochta atá bunaithe ar a gcríocha oibriú mura bhfuil, agus go dtí go bhfuil, brainse den sórt sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d'fhonn an difear idir an leibhéal Polannach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a chumhdach.

2. 32000 L 0012: Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le gabháil le gnó institiúidí creidmheasa agus lena shaothrú (IO L 126, 26.5.2000, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— 32000 L 0028: Treoir 2000/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.9.2000 (IO L 275, 27.10.2000, lch. 37).

I dtaca le hAirteagal 5 de Threoir 2000/12/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2007 ag an gceanglas caipitil tosaigh atá leagtha síos i mír 2 maidir le hinstidiúidí comhair chreidmheasa atá bunaithe cheana san Pholainn ar dháta an aontachais. Áiritheoidh an Pholainn nach lú a ceanglas caipitil tosaigh i leith na n-instidiúidí comhair chreidmheasa sin ná EUR 300 000 go dtí an 31 Nollaig 2005 agus nach lú ná EUR 500 000 ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2007 é.

I rith na hidirthréimhse, de bhun Airteagal 5(4), ní fhéadfaidh gur lú cistí dílse na ngnóthas sin ná an leibhéal is airde arna ghnóthú le héifeacht ó dháta an aontachais.

## 4. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach,

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

1. D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh an Pholainn na rialacha maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha atá leagtha síos in Acht an 24 Márta 1924 um Eachtrannaigh Eastát Réadach a Fháil (Dz.U. 1996, Nr 54, poz. 245 maille le leasuithe), mar atá arna leasú, a choimeád i bhfeidhm go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

Náisiúnaigh de na Ballstáit agus náisiúnaigh de na Stáit is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a raibh cónaí orthu go dleathach sa Pholainn ar feadh ceithre bliana leanúnacha, ní bheidh siad, a mhéad a bhaineann le háiteanna cónaithe tánaisteacha a fháil, faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta eile seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Polainne faoina réir.

2. D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh an Pholainn na rialacha atá leagtha síos in Acht an 24 Márta 1924 um Eachtrannaigh Eastát Réadach a Fháil (Dz.U. 1996, Nr 54, poz. 245 maille le leasuithe), mar atá arna leasú, maidir le talamh talmhaíochta agus foraoiseacha a fháil a choimeád i bhfeidhm go ceann dhá bhliain déag ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar i gcás ar bith cóir is lú fabhar ná mar a bhí ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais a chur ar náisiúnaigh de na Ballstáit nó ar dhaoine dlítheanacha arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile i leith talamh talmhaíochta agus foraoiseacha a fháil.

Náisiúnaigh de Bhallstát eile nó de Stát is páirtí sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar mian leo iad féin a bhunú mar fheirmeoirí féinfhostaithe agus a raibh cónaí orthu, agus talamh á léasú acu mar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, go dleathach sa Pholainn ar feadh trí bliana leanúnacha ar a laghad, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta eile seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Polainne faoina réir a mhéad a bhaineann le talamh talmhaíochta agus foraoiseacha a fháil ó dháta an aontachais. I gcúigí Warmińsko-Mazurskie, Pomorskie, Kujawsko-Pomorskie, Zachodniopomorskie, Lubuskie, Dolnośląskie, Opolskie agus Wielkopolskie, fadófar an tréimhse chónaithe agus léasaithe atá sonraithe san abairt sin roimhe seo go seacht mbliana. Déanfar an tréimhse léasa roimh an talamh a cheannach a ríomh go leithleach do gach náisiúnach de Bhallstát a bhí ag léasú talaimh sa Pholainn ó dháta deimhnithe an chomhaontaithe bhunaidh léasa. Is féidir le feirmeoirí féinfhostaithe a bhí ag léasú talaimh mar dhaoine dlítheanacha seachas mar dhaoine nádúrtha cearta an duine dhlítheanaigh faoin gcomhaontú léasa a aistriú chucu féin mar dhaoine nádúrtha. D'fhonn an tréimhse léasa roimh an gceart ceannaigh a ríomh, áireofar tréimhse léasa na gconarthaí mar dhaoine dlítheanacha. Is féidir dáta deimhnithe a sholáthar go haisghníomhach do chomhaontuithe léasa de chuid daoine nádúrtha agus áireofar tréimhse iomlán léasa na gconarthaí deimhnithe. Ní bheidh aon

teorainneacha ama d'fheirmeoirí féinfhostaithe chun a gconarthaí reatha a chlaochlú i gconarthaí mar dhaoine nádúrtha nó i gconarthaí i scríbhinn maille le dáta deimhnithe. Beidh an nós imeachta chun conarthaí léasa a chlaochlú trédhearcach agus ní bheidh sé ina bhac nua ar chúinse ar bith.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle. Féadfaidh an Comhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad fhomhír a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

Le linn na hidirthréimhse, déanfaidh an Pholainn nós imeachta um údarú arna leagan síos ag an dlí a cur i bhfeidhm a áiritheoidh go bhfuil deonú údaruithe chun eastát réadach a fháil sa Pholainn bunaithe ar chritéir atá trédhearcach, oibiachtúil, cobhsaí agus poiblí. Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach agus ní dhifreálfaidh siad idir náisiúnaigh de na Ballstáit a bhfuil cónaí orthu sa Pholainn.

## 5. BEARTAS IOMAÍOCHTA

1. An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

(a) D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh an Pholainn díolúintí ó cháin chorparáideach arna ndeonú roimh an 1 Eanáir 2001 ar bhonn Dhlí 1994 maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha seo a leanas:

(i) i gcás gnóthas beag, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail ([1]) ar na gnóthais sin agus ar cothrom le cleachtas an Choimisiúin, go dtí an 31 Nollaig 2011 agus an dáta sin san áireamh;

i gcás gnóthas meánmhéide, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail ([2]) ar na gnóthais sin agus ar cothrom le cleachtas an Choimisiúin, go dtí an 31 Nollaig 2010 agus an dáta sin san áireamh;

I gcás cumaisc, éadála nó aon imeachta chomhchosúil ina bhfuil páirt ag tairbhí díolúine ó cháin arna deonú faoin reachtaíocht thuasluaite, scoirfear den díolúine ó cháin chorparáideach.

(ii) i gcás gnóthas eile, ar chuntar go n-urramaítear na teorainneacha seo a leanas ar na méideanna cabhrach arna ndeonú faoin reachtaíocht réamhluaite:

(aa) Státchabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:

— ní rachaidh an chabhair thar mhéid uasta 75 % de na costais infheistíochta cháilithe, má fuair an gnóthas a chead um Chrios Eacnamaíoch Speisialta (dá ngairtear CES anseo feasta) roimh an 1 Eanáir 2000. Má fuair an gnóthas a chead CES i rith na bliana 2000, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 50 % de na costais infheistíochta cháilithe,

— má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí ([3]), ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 30 % de na costais infheistíochta cháilithe,

— tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaite 75 % agus 50 % (30 % atá i gcás earnáil na mótarfheithiclí) a ríomh ar an 1 Eanáir 2001; eisiafar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin.

— ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha infheidhme ar dháta an aontachais,

— chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair,

— saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta ([4]),

— is iad na costais cháilithe is féidir a chur san áireamh na costais arna dtabhú faoi chead CES nó faoi chlár arna chinneadh go foirmiúil ag an gcuideachta faoi cheann an 31 Nollaig 2002. Ní féidir costais den sórt sin a chur san áireamh ach amháin a mhéad a thabhaítear iad iarbhír idir teacht i bhfeidhm na scéime faoi Dhlí 1994 maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta agus an 31 Nollaig 2006;

(bb) Státchabhair don oiliúint, taighde agus forbairt, agus infheistíocht chomhshaoil:

— ní rachaidh an chabhair thar na huasteorainneacha ábhartha déine cabhrach is infheidhme maidir le cuspóirí cabhrach den sórt sin de bhun Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE nó mar a fhoráiltear dá mhalairt san Ionstraim seo,

— tosóidh an tréimhse chun cabhair atá le háireamh faoi na huasteorainneacha is infheidhme a ríomh ar an 1 Eanáir 2001; eisiafar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús roimh an dáta sin,

— chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comhphobail a dheonaigh an chabhair,

— saineofar costais cháilithe ar bhonn na rialacha Comhphobail is infheidhme maidir leis an gcuspóir cabhrach i dtrácht,

— ní bheidh sé de cheanglas an chabhair a aisíoc má chuaigh an gnóthas cheana thar na huasteorainneacha infheidhme ar dháta an aontachais,

— is iad na costais cháilithe a fhéadfar a chur san áireamh na costais arna dtabhú faoi chead CES nó faoi chlár arna chinneadh go foirmiúil ag an gcuideachta faoi cheann an 31 Nollaig 2002. Ní féidir costais den sórt sin a chur san áireamh ach amháin a mhéad a thabhaítear iad iarbhír idir teacht i bhfeidhm na scéime faoi Dhlí 1994 maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta agus an 31 Nollaig 2006;

(b) Ní thiocfaidh na socruithe idirthréimhseacha atá leagtha amach in (a) thuas i bhfeidhm ach amháin má tá an Pholainn tar éis an Dlí maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta a mhodhnú ag tabhairt isteach na modhnuithe thuas ar na tairbhí do ghnóthais bheaga agus meánmhéide agus gnóthais mhóra araon arna ndeonú faoi Dhlí 1994 maidir le Criosanna Eacnamaíocha Speisialta suas go dtí an 31 Nollaig 2000, agus go bhfuil sí tar éis na tairbhí leithleacha go léir atá ann a chur ag luí leis na socruithe thuas faoi cheann an aontachais. Aon chabhair arna deonú faoi Dhlí 1994 maidir leis na Criosanna Eacnamaíocha Speisialta nár cuireadh ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach in (a) thuas faoi cheann dháta an aontachais, measfar gur cabhair nua í de bhun an tsásra chabhrach atá ann atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV, Caibidil 3 maidir le Beartas Iomaíochta a ghabhann leis an Ionstraim seo.

(c) Soláthróidh an Pholainn don Choimisiún:

— dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi na coinníollacha atá leagtha amach in (a) a chomhall,

— faoi cheann dheireadh Feabhra 2007, faisnéis faoi na costais infheistíochta cháilithe arna dtabhú iarbhír ag na tairbhithe faoin reachtaíocht réamhluaite agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhithe, agus

— tuarascálacha leathbhliantúla ar fhaireacháin ar chabhair arna tabhairt do na tairbhithe in earnáil na mótarfheithiclí.

2. An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh an Pholainn státchabhair a dheonú do chosaint an chomhshaoil faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás infheistíochtaí comhshaoil arb é is aidhm dóibh oiriúnú do chaighdeáin faoi Threoracha 76/464/CEE ([5]), 82/176/CEE ([6]), 83/513/CEE ([7]), 84/156/CEE ([8]) agus 86/280/CEE ([9]) ón gComhairle, go dtí an 31 Nollaig 2007, ar chuntar go bhfuil déine na cabhrach teoranta don uasteorainn réigiúnach is infheidhme. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail ([10]), féadfar an déine a mhéadú 15 pointe céatadáin;

(b) i gcás infheistíochtaí comhshaoil arb é is aidhm dóibh oiriúnú do chaighdeáin faoi Threoracha 91/271/CEE ([11]) agus 1999/31/CE ón gComhairle ([12]), go dtí na dátaí atá sonraithe in Iarscríbhinn XII, Caibidil 13 maidir leis an gComhshaol, Roinn C, pointe 2, agus Roinn B, pointe 3, a ghabhann leis an Ionstraim seo, ar chuntar go bhfuil déine na cabhrach teoranta don uasteorainn réigiúnach is infheidhme. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, mar atá sainithe i gcomhréir leis an sainmhíniú Comhphobail ([13]), féadfar an déine a mhéadú 15 pointe céatadáin;

(c) i gcás infheistíochtaí comhshaoil arb é is aidhm dóibh oiriúnú do chaighdeáin faoi Threoir 96/61/CE ([14]), le haghaidh fearais atá ann agus go dtí na dátaí atá sonraithe in Iarscríbhinn XII, Caibidil 13 maidir leis an gComhshaol, Roinn D, pointe 1, a ghabhann leis an Ionstraim seo, ar chuntar go bhfuil déine na cabhrach teoranta do 30 % de na costais infheistíochta cháilithe;

(d) i gcás infheistíochtaí comhshaoil arb é is aidhm dóibh oiriúnú do chaighdeáin faoi Threoir 96/61/CE, go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2007, le haghaidh fearais atá ann nach bhfuil faoi réir na bhforálacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn XII, Caibidil 13 maidir leis an gComhshaol, Roinn D, pointe 1, a ghabhann leis an Ionstraim seo, ar chuntar go bhfuil déine na cabhrach teoranta do 30 % de na costais infheistíochta cháilithe;

(e) i gcás infheistíochtaí comhshaoil arb é is aidhm dóibh oiriúnú do chaighdeáin faoi Threoir 2001/80/CE ([15]), le haghaidh fearais atá ann agus go dtí na dátaí atá sonraithe in Iarscríbhinn XII, Caibidil 13 maidir leis a gComhshaol, Roinn D, pointe 2, a ghabhann leis an Ionstraim seo, ar chuntar go bhfuil déine na cabhrach teoranta do 50 % de na costais infheistíochta cháilithe.

(f) saineofar costais cháilithe na n-infheistíochtaí comhshaoil i gcomhréir le roinn E.1.7 de na treoirlínte Comhphobail maidir le státchabhair do chosaint an chomhshaoil ([16]) nó i gcomhréir le rialacha ina dhiaidh sin a ghabhann ionad na dTreoirlínte atá ann;

(g) ní thiocfaidh na socruithe idirthréimhseacha atá leagtha amach in (a) go (f) thuas i bhfeidhm ach amháin má dheonaíonn an Pholainn cabhair i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach thuas.

---

([1]) Mar atá arna leagan amach i Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

([2]) Mar atá arna leagan amach i Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

([3]) De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chlár réime ilearnálach Comhphobail maidir le cabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8).

([4]) IO C 74, 10.3.1998, lch. 9.

([5]) Treoir 76/464/CEE ón gComhairle maidir le truailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe a sceitheadh i dtimpeallacht uisceach an Chomhphobail (IO L 129, 18.5.1976, lch. 23), mar atá arna leasú.

([6]) Treoir 82/176/CEE ón gComhairle maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh mearcair ag tionscal an leictrealaithe chlóralcaile (IO L 81, 27.3.1982, lch. 29), mar atá arna leasú.

([7]) Treoir 83/513/CEE ón gComhairle maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh caidmiam (IO L 291, 24.10.1983, lch. 1), mar atá arna leasú.

([8]) Treoir 84/156/CEE ón gComhairle maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh mearcair ag earnálacha seachas tionscal an leictrealaithe chlóralcaile (IO L 74, 17.3.1984, lch. 49), mar atá arna leasú.

([9]) Treoir 86/280/CEE ón gComhairle maidir le luachanna teorantacha agus cuspóirí cáilíochta do sceitheadh substaintí contúirteacha áirithe atá folaithe i Liosta I den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 76/464/CEE (IO L 181, 4.7.1986, lch. 16), mar atá arna leasú.

([10]) Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

([11]) Treoir 91/271/CEE ón gComhairle maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40). Treoir mar atá arna leasú le Treoir 98/15/CE ón gCoimisiún (IO L 67, 7.3.1998, lch. 29).

([12]) Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

([13]) Moladh 96/280/CE ón gCoimisiún an 3 Aibreán 1996 maidir le sainmhíniú ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide (IO L 107, 30.4.1996, lch. 4).

([14]) Treoir 96/61/CE ón gComhairle maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú (IO L 257, 10.10.1996, lch. 26).

([15]) Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú (IO L 309, 27.11.2001 lch. 3).

([16]) IO L 37, 3.2.2001, lch. 3.

(a) Ní bheidh feidhm ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 64/433/CEE, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 71/118/CEE, in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Treoir 77/99/CEE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 94/65/CE maidir le bunaíochtaí sa Pholainn atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo go dtí an 31 Nollaig 2007 agus ní bheidh feidhm ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 92/46/CEE agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 91/493/CEE maidir le bunaíochtaí sa Pholainn atá liostaithe i bhFoscríbhinn B go dtí an 31 Nollaig 2006, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.

(b) Fad a thairbhíonn na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh náisiúnta amháin nó ní úsáidfear iad ach do phróiseáil bhreise i mbunaíochtaí náisiúnta atá folaithe freisin le forálacha mhír (a), gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir marc speisialta sláinte a bheith ar na táirgí sin.

I gcás táirgí iascaigh úra, ullmhaithe nó próiseáilte, ní chuirfear ach ar an margadh náisiúnta amháin iad nó ní dhéanfar iad a láimhsiú nó ní dhéanfar próiseáil bhreise orthu ach sa bhunaíocht chéanna, gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir táirgí iascaigh úra, ullmhaithe nó próiseáilte a fhilleadh agus/nó a phacáil in aonaid tráchtála agus ní foláir marc speisialta sainaithinte a bheith orthu. Ní dhéanfar iasc úr neamhphacáilte a mhargú ach amháin go díreach chuig an tomhaltóir deiridh laistigh den Poviat ina bhfuil an gléasra táirgí éisc suite. Sa chás sin, ní foláir an marc speisialta sainaithinte réamhluaite a bheith ar choimeádáin éisc atá ar idirthuras go dtí an pointe margaíochta.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir leis na táirgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí iomlánaithe feola nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir fhorálacha mhír (a). Féadfaidh na bunaíochtaí próiseála bainne atá liostaithe i bhFoscríbhinn B seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil IV, A (1), a ghabhann le Treoir 92/46/CEE nó a thagann ó fheirmeacha nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil II, a ghabhann le Treoir sin, ar chuntar go bhfuil na feirmeacha sin luaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Pholannacha chun na críche sin.

(c) Féadfaidh na 56 bunaíocht phróiseála bainne atá liostaithe i bhFoscríbhinn B bainne comhlíontach AE agus bainne neamhchomhlíontach AE a phróiseáil ar línte táirgeachta ar leith. Deonaítear an t-údarú sin do na bunaíochtaí próiseála bainne go dtí:

— an 30 Meitheamh 2005 do na 29 bunaíocht atá liostaithe i gcuid I,

— an 31 Nollaig 2005 do na 14 bunaíocht atá liostaithe i gcuid II,

— an 31 Nollaig 2006 do na 13 bunaíocht atá liostaithe i gcuid III.

Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn bainne neamhchomhlíontach AE seachadtaí bainne amh nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil IV, A(1), a ghabhann le Treoir 92/46/CEE nó a thagann ó fheirmeacha nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil II, a ghabhann le Treoir sin, ar chuntar go bhfuil na feirmeacha sin luaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Pholannacha chun na críche sin.

Ní foláir do bhunaíochtaí den sórt sin ceanglais AE do bhunaíochtaí a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear an córas Pointe Criticiúil Rialaithe Anailíse Guaise (PCRAG) (dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 92/46/CEE ([3])) agus ní foláir dóibh a gcumas a léiriú comhlíonadh go hiomlán leis na coinníollacha seo a leanas, lena n-áirítear a línte ábhartha táirgeachta a ainmniú:

— na bearta uile is gá a ghlacadh chun nósanna imeachta intí a urramú go cuí do dheighilt bainne ag tosú ón mbailiú go dtí céim an táirge chríochnaithigh, lena n-áirítear conairí chun bainne a bhailiú, stóráil agus cóireáil leithleach do bhainne comhlíontach AE agus do bhainne neamhchomhlíontach AE, pacáil shonrach agus lipéadú sonrach táirgí arna mbunú ar bhainne neamhchomhlíontach AE mar aon le stóráil shonrach táirgí den sórt sin,

— nós imeachta a bhunú chun inaimsitheacht amhábhar a áirithiú, lena n-áirítear an fhianaise dhoiciméid is gá ar ghluaiseachtaí táirgí agus cuntasaíocht do tháirgí agus réiteach amhábhar comhlíontach agus neamhchomhlíontach leis na haicmí táirgí arna dtáirgeadh,

— an bainne amh go léir a chur faoi chóireáil teasa ag teocht 71,7 °C ar a laghad ar feadh 15 soicind, agus

— gach beart is cuí a ghlacadh chun a áirithiú nach n-úsáidtear na marcanna sláinte go calaoiseach.

Déanfaidh na húdaráis Pholannacha:

— a áirithiú go ndéanann oibreoir nó bainisteoir gach bunaíochta na bearta uile is gá chun gur féidir na nósanna imeachta intí a urramú go cuí chun bainne a dheighilt,

— tástálacha agus rialuithe gan foláireamh a dhéanamh maidir le deighilt bainne a urramú, agus

— tástálacha a dhéanamh i saotharlanna formheasta ar na táirgí amha agus críochnaithe go léir chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais d'Iarscríbhinn C a ghabhann le Treoir 92/46/CEE, lena n-airítear na critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh táirgí atá bunaithe ar bhainne.

Ní fhéadfar an bainne agus/nó na táirgí atá bunaithe ar bhainne de thionscnamh línte táirgeachta próiseála ina bpróiseáiltear bainne neamhchomhlíontach AE i mbunaíochtaí arna bhformheas ag AE a chur ach ar an margadh náisiúnta amháin, gan spleáchas don dáta margaíochta. Má dhéantar tuilleadh próiseála orthu, ní foláir gan an bainne agus/nó na táirgí atá bunaithe ar bhainne a mheascadh le bainne comhlíontach AE nó táirgí atá bunaithe ar bhainne comhlíontach AE nó ní foláir gan iad a thabhairt isteach in aon bhunaíocht eile nach bhfuil faoi réir beart idirthréimhseach. Ní foláir marc speisialta sláinte a bheith ar na táirgí sin, gan spleáchas don dáta margaíochta.

— de chineál atá frithsheasmhach ar a laghad do phataitíopa 1 de *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival agus, má chuirtear iad chuig limistéar sa Pholainn arna chinneadh trí shuirbhé mar limistéar atá saor ó *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival nó chuig Ballstáit eile, atá nite nó glanta ar dhóigh eile, agus saor ó ithir.

(iii) I gcás plandaí le fréamhacha, arna bplandáil nó atá ceaptha lena bplandáil: i dteannta le ceanglais phointe 24 d'Iarscríbhinn IV.A.II a ghabhann le Treoir 2000/29/EC, áiritheofar comhlíonadh Airteagal 4 de Threoir 69/464/CEE trí fhíorú oifigiúil ag leibhéal na plásóige leithlí inar táirgeadh na plandaí sin. Fairis sin, déanfar limistéir arb eol go bhfaightear pataitíopaí 2 agus 3 iontu a eisiamh mar limistéir óna bhfuil na plandaí sin cáilithe chun gluaiseacht chuig limistéir sa Pholainn arb eol nach bhfaightear *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival iontu nó chuig Ballstáit eile. Sainmhítear 'limistéar' ar leibhéal an cheantair (Powiat).

(c) Déanfar tuairisc ar na cineálacha frithsheasmhacha prátaí de réir tástálacha atá bunaithe ar Phrótacal na hEagraíochta Eorpaí agus Meánmhuirí um Chosaint Plandaí (EPPO) maidir le Fungais Choraintín a Shainithint. Beidh aitheantas oifigiúil go bhfuil na limistéir nó na hionaid táirgeachta saor ó *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta le haghaidh Bheart Fiteasláintíochta Uimh. 4 maidir le 'Ceanglais ar limistéir saor ó lotnaidí a bhunú' nó Uimh. 10 maidir le 'Ceanglais ar ionaid táirgeachta saor ó lotnaidí agus suímh tháirgeachta saor ó lotnaidí a bhunú'.

(d) In ionaid táirgeachta arb eol nach bhfaightear *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival iontu, dá dtagraítear sa dara fleasc de mhír (b)(ii)(bb), féadfaidh an Coimisiún a cheadú comhaontuithe leithleacha a thabhairt i gcrích leis na húdaráis Pholannacha inniúla maidir le cineálacha neamh-fhrithsheasmhacha a tháirgeadh.

(e) Áiritheoidh an Pholainn, trí na táirgeoirí prátaí, stórais agus lárionaid dáileacháin uile a chlárú, go bhféadfar bealach gach coinsíneacht phrátaí a aimsiú thar n-ais go dtí a ceantar tionscnaimh. Chuige sin, beidh tagairt do na ceantair ina ndearnadh na prátaí a tháirgeadh, a stóráil, a ghrádú nó a phacáil in uimhir chlárúcháin na dtáirgeoirí, na stóras agus na lárionad seolta sin. Taispeánfar an uimhir chlárúcháin sin ar gach coinsíneacht phrátaí de thionscnamh na Polainne arna gluaiseacht laistigh den Pholainn nó isteach go Ballstáit eile.

(f) Tíolacfaidh an Pholainn tuarascálacha bliantúla ar thorthaí na suirbhéanna arna ndéanamh i leith dháileadh *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival ar a críoch. Faoi cheann dheireadh na tréimhse 10 bliain, beidh na suirbhéanna críochnaithe agus beidh na plásóga uile iarmharacha uile nó na plásóga uile a d'fhéadfadh a bheith nua-ionfhabhtaithe, maille lena gcrios sábháilteachta atá mór go leor chun cosaint na limistéar máguaird a áirithiú sceidealta. Beidh sna tuarascálacha bliantúla liostaí de na limistéir agus ionaid táirgeachta inarb eol nach bhfaightear *Synchytrium endobioticum* (Schilbersky) Percival, dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc de mhír (b)(ii)(bb).

(g) Roimh dheireadh na tréimhse 10 bliain, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis Pholannacha, scrúdú ar an staid i bhfianaise na bhforbairtí agus breithniú an bhfuil gá le bearta breise. Glacfar aon bhearta den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Threoir 2000/29 CE.

2. 31991 L 0414: Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cumhdaigh plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0081: Treoir 2002/81/CE ón gCoimisiún an 10.10.2002 (IO L 276, 12.10.2002, lch. 28).

De mhaolú ar Airteagal 13(1) de Threoir 91/414/CEE, féadfaidh an Pholainn na teorainneacha ama a chur siar, go dtí an 31 Nollaig 2006 ar a dhéanaí, maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a sholáthar i gcás táirgí cumhdaigh plandaí arna dtáirgeadh sa Pholainn agus arna margú go heisiach ar chríoch na Polainne agus ina bhfuil 2,4-D, MCPA, cairbeandaisim nó Mecoprop (MCPP), ar chuntar go bhfuil na comhábhair sin liostaithe an tráth sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus gur thosaigh na cuideachtaí iarrthacha ag obair iarbhír ar na sonraí is gá a ghiniúint nó a fháil roimh an 1 Eanáir 2003.

3. 31999 L 0105: Treoir 1999/105/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú (IO L 11, 15.1.2000, lch. 17).

De mhaolú ar Airteagal 28(3) de Threoir 1999/105/CE, féadfaidh an Pholainn margú a cheadú, go dtí go ndísceofar stoic, d'ábhar atáirgthe foraoise arna gcnuasú roimh an 1 Eanáir 2004 nach gcomhallann forálacha uile na Treorach.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 412/97 ón gCoimisiún ag leagan síos rialacha mionsonraithe chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2200/96 ón gComhairle maidir le haitheantas eagraíochtaí táirgeoirí (IO L 62, 4.3.1997, lch. 16). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1220/2001 ón gCoimisiún (IO L 153, 8.6.2001, lch. 10)

(2) IO L 281, 4.11.1999, lch. 30. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1830/2002 ón gCoimisiún (IO L 277, 15.10.2002, lch. 15).

(3) Treoir 92/46/CEE ón gComhairle ag leagan síos na rialacha sláinte chun bainne amh, bainne teaschóireáilte agus táirgí bunaithe ar bhainne a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 268, 14.9.1992, lch. 1). Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 94/71/CE ón gComhairle (IO L 368, 31.12.1994, lch. 33).

(4) Treoir 2000/29/CE ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá dochrach do phlandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leathadh laistigh den Chomhphobal (IO L 169, 10.7.2000, lch. 1). Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 2002/36/CE ón gCoimisiún (IO L 116, 3.5.2002, lch. 16 ).

## 7. IASCACH

31992 R 3760: Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail le haghaidh iascaigh agus dobharshaothraithe (IO L 389, 31.12.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 31998 R 1181: Rialachán (CE) Uimh. 1181/98 ón gComhairle an 4.6.1998 (IO L 164, 9.6.1998, lch. 1).

Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 3760/92 maidir leis an bPolainn faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas.

Déanfar an scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail atá le cionroinnt ar an bPolainn a bhunú, i gcás stoc atá faoi rialú ag teorainn ghabhála, de réir speicis agus creasa mar a leanas:

| Speiceas | Limistéar CITM nó CIIMB | Scaireanna na Polainne (%) |
|---|---|---|
| Scadán | I,II | 1,734 |
| Scadán | III b, c, d (1) amach ó Aonad Bainistíochta 3 de CIIMB | 21,373 |
| Sprot | III b, c, d (1) | 29,359 |
| Bradán | III b, c, d (1) amach ó Fhoroinn 32 de CIIMB | 6,286 |
| Leathóg | III b, c, d (1) | 15,017 |
| Trosc | I, II b | 8,223 |
| Trosc | III b, c, d (1) | 22,211 |
| Ronnach | IIa (uiscí neamh-CE), Vb (uiscí CE), VI, VII, VIIIa, b, d, e, XII, XIV | 0,448 |
| Glasán | V, XII, XIV (2) | 4,144 |

(1) Uiscí an Chomhphobail.

(2) Uiscí an Chomhphobail agus limistéir thar dhlínse iascaigh de chuid Stát cósta eile.

Bainfear leas as na scaireanna sin don chéad chionroinnt árach iascaireachta ar an bPolainn i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Ina theannta sin, déanfar scair na Polainne d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail i Limistéar Rialúcháin NAFO a chinneadh tríd an gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, ar bhonn na cothromaíochta atá i bhfeidhm i NAFO le linn na tréimhse díreach roimh dháta an aontachais.

## 8. BEARTAS IOMPAIR

1. 31991 L 0440: Treoir 91/440/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le forbairt iarnróid an Chomhphobail (IO L 237, 24.8.1991, lch. 25), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32001 L 0012: Treoir 2001/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26.2.2001 (IO L 75, 15.3.2001, lch. 1).

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 10(3) de Threoir 91/440/CEE ón gComhairle sa Pholainn go dtí an 31 Nollaig 2006 ach amháin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

— comhoibreoidh Iarnród Stáit na Polainne (go háirithe Polskie Koleje Państwowe (PKP) CARGO S.A) le gnóthais iarnróid chun iompar idirnáisiúnta lasta d'iarnród a sholáthar ar dhóigh neamhidirdhealaitheach le haghaidh allmhairí, onnmhairí agus idirthurais tríd an bPolainn. Déanfar na cearta rochtana atá leagtha amach in Airteagal 10(1) agus (2) den Treoir a dheonú gan teorainn,

— déanfar 20 % ar a laghad de chumas an Ghréasáin Thraseorpaigh d'Iompar Lasta d'Iarnród sa Pholainn a chur in áirithe do ghnóthais iarnróid seachas Iarnród Stáit na Polainne agus ceadóidh na cinnaistir thionscnaimh amanna turais is inchomórtais leo siúd dá dtairbhíonn PKP CARGO S.A. Sonróidh an bainisteoir bonneagair cumas iarbhír gach líne iarnróid sa ráiteas gréasáin. Folaíonn an 20 % thuas den chumas foriomlán bliantúil na cearta rochtana atá leagtha amach in Airteagal 10(1), (2) agus (3) den Treoir.

2. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).

(a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, eisiafar carraeirí arna mbunú sa Pholainn ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisiafar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sa Pholainn.

(b) Roimh dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún á rá an bhfadóidh siad an tréimhse seo ar feadh dhá bhliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

(c) Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhír (b) thuas, ag Airteagal 1 den Rialachán, féadfaidh siad dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos go dtí deireadh an cúigiú bliain tar éis dháta an aontachais.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstáit dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbarr soláthair thar éileamh nó bagairt do chobhsaíocht airgeadais nó marthanas líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid a athbhunú ina gnáthriocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarraidh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír thuas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí, agus fógra réasúnaithe *ex-post* a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

(d) Fad nach gcuirtear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) agus (b) thuas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleanúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte iomláin a bheith san áireamh.

(e) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (c) a chur i bhfeidhm.

3. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.2.2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 96/53/CE, ní fhéadfaidh feithiclí a chomhlíonann na luachanna teorantacha d'aicme 3.4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir sin ach na codanna neamh-uasghrádaithe de ghréasán bóithre na Polainne a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2010 má chomhlíonann siad teorainneacha Polannacha ar ualach acastóirí. Amhail ó dháta an aontachais, ní fhéadfar aon srianta a fhorchur ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Threoir 96/53/CE na príomhbhealaí idirthurais a úsáid atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail le haghaidh an gréasán traseorpach iompair a fhorbairt. (1)

Cloífidh an Pholainn leis an amchlár atá leagtha amach sna táblaí thíos le haghaidh a gréasán príomhbhóithre, mar atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 1692/96/CE, a uasghrádú. Áiritheoidh aon infheistíochtaí sa bhonneagar lena ngabhann úsáid cistí ó bhuiséad an Chomhphobail go ndéanfar na hartairí a thógáil nó a uasghrádú go dtí cumas ualachiompartha 11,5 tona in aghaidh an acastóra.

I gcomhthráth leis an uasghrádú a chríochnú, déanfar gréasán bóithre na Polainne, lena n-áirítear an gréasán mar atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 1692/96/CE, a oscailt go comhleanúnach do fheithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Chun críocha luchtú agus díluchtú, nuair is féidir sin go teicniúil, ceadófar codanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán bóithre tánaisteacha a úsáid i rith na hidirthréimhse ar fad.

Ón 1 Eanáir 2009, ní bheidh aon fheithicil sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach faoi réir aon mhuirear (rómheáchain) ar na príomhbhealaí idirthurais mar atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 1692/96/CE.

Déanfar muirir shealadacha bhreise a thobhach ar dhóigh neamhidirdhealaitheach ar úsáid codanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán ag feithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach, dóigh arna difreáil go háirithe i ndáil leis an gcóir a chuirtear ar fheithiclí a bhfuil nó nach bhfuil córais aerchrochta acu, ionas gur chóir go n-íocfaí muirir níos lú as feithiclí atá feistithe le córas aerchrochta (25 % níos lú ar a laghad). Beidh an córas gearrtha muirear trédhearcach agus ní chuirfidh íocaíocht na muirear sin ualach nó moill mhíchuí riaracháin ar an úsáidire ná ní leanfaidh ó íocaíocht na muirear sin seiceáil chórasach ar theorainneacha ualach acastóra ag an teorainn. Áiritheofar forghníomhú teorainneacha ualach acastóra ar dhóigh neamhidirdhealaitheach ar fud na críche agus beidh sé éifeachtúil freisin i ndáil le feithiclí arna gclárú sa Pholainn.

(1) IO L 228, 9.9.1996, lch. 1.

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2004**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | | 539,8 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 166,5 | 487,0 |
| 3 | 437,7 | 11,4 | 426,3 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 344,0 | 355,6 |
| 6 | 21,6 | 21,0 | 0,6 |
| 8 | 654,5 | 8,2 | 646,3 |
| | 3 006,7 | 551,1 | 2 455,6 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2005**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 62,2 | 477,6 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 201,2 | 452,3 |
| 3 | 437,7 | 32,4 | 405,3 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 425,0 | 274,6 |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 37,6 | 616,9 |
| | 3 006,7 | 780,0 | 2 226,7 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2006**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 124,4 | 415,4 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 266,0 | 387,5 |
| 3 | 437,7 | 53,1 | 384,6 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 504,4 | 195,2 |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 69,3 | 585,2 |
| | 3 006,7 | 1 038,8 | 1 967,9 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2007**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 161,0 | 378,8 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 302,0 | 351,5 |
| 3 | 437,7 | 74,3 | 363,4 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 621,0 | 78,6 |
| 6 | 21,6 | 21,6 | - |
| 8 | 654,5 | 112,0 | 542,5 |
| | 3 006,7 | 1 291,9 | 1 714,8 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2008**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 261,2 | 278,6 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 401,4 | 252,1 |
| 3 | 437,7 | 123,5 | 314,2 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 669,2 | 30,4 |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 173,4 | 481,1 |
| | 3 006,7 | 1 650,3 | 1 356,4 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2009**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 377,9 | 161,9 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 450,0 | 203,5 |
| 3 | 437,7 | 177,3 | 260,4 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 699,6 | |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 249,0 | 405,5 |
| | 3 006,7 | 1 975,4 | 1 031,3 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2010**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 448,3 | 91,5 |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 500,2 | 153,3 |
| 3 | 437,7 | 226,5 | 211,2 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 699,6 | |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 320,3 | 334,2 |
| | 3 006,7 | 2 216,5 | 790,2 |

**Staid mar atá ar an 1 Eanáir 2011**

| Bóthar Uimh. | Fad foriomlán in km | Cumas iompair 115 kN in aghaidh an acastóra Fad in km | Cumas iompair 100 kN in aghaidh an acastóra Fad in km |
|---|---|---|---|
| 1 | 539,8 | 539,8 | |
| 2 (50 – cuarbhóthar timpeall Varsá) | 653,5 | 553,4 | 100,1 |
| 3 | 437,7 | 287,7 | 150,0 |
| 4 agus 18 | 699,6 | 699,6 | |
| 6 | 21,6 | 21,6 | |
| 8 | 654,5 | 400,7 | 253,8 |
| | 3 006,7 | 2 502,8 | 503,9 |

## 9. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41).

(a) De mhaolú ar Airteagal 12(3)(a) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Pholainn (i) díolúine a chur i bhfeidhm, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, ar sholáthar leabhar agus irisí speisialaithe áirithe go dtí an 31 Nollaig 2007, agus (ii) ráta laghdaithe cánach breisluacha nach lú ná 7 % a choimeád ar bun maidir le soláthar seirbhísí bialainne go dtí an 31 Nollaig 2007 nó go deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28l den Treoir, cibé acu is túisce.

(b) De mhaolú ar Airteagal 12(3)(a) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Pholainn (i) ráta laghdaithe cánach breisluacha sin nach lú ná 3 % a choimeád ar bun go dtí an 30 Aibreán 2008 ar ábhar beatha (lena n-áirítear deochanna seachas deochanna meisciúla) mar bhia don duine agus d'ainmhithe; ainmhithe beo, síolta, plandaí agus comhábhair atá ceaptha de ghnáth chun ábhar beatha a ullmhú; táirgí atá ceaptha de ghnáth chun ábhar beatha a fhorlíonadh nó a ionad a ghabháil; agus soláthar earraí agus seirbhísí de chineál atá ceaptha le húsáid sa táirgeadh talmhaíochta, ach earraí caipitil ar nós innealra nó foirgneamh, dá dtagraítear i bpointí 1 agus 10 d'Iarscríbhinn H a ghabhann leis an Treoir a eisiamh agus (ii) ráta laghdaithe cánach breisluacha nach lú ná 7 % a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 2007 ar sholáthar seirbhísí nach soláthraítear mar chuid de bheartas sóisialta chun tithíocht chónaitheach a fhoirgniú, a athnuachan agus a athrú, amach ó ábhair foirgníochta, agus ar fhoirgnimh chónaitheacha nó codanna díobh arna soláthar roimh an gcéadáitíocht dá dtagraítear in Airteagal 4(3)(a) den Treoir.

(c) D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Pholainn díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun freisin maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an Treoir go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfhogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0010: Treoir 2002/10/CE ón gComhairle an 12.2.2002 (IO L 46, 16.2.2002, lch. 26).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/CEE, féadfaidh an Pholainn cur i bhfeidhm na dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghas miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2008, ar chuntar go ndéanann an Pholainn a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil fhoriomlán íosta dá bhforáiltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle, maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu ([1]), agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an maolú thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcríocha ón bPolainn gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha. Féadfaidh Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chuntar nach ndéanann na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

3. 31992 L 0081: Treoir 92/81/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar olaí mianracha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 12), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 31994 L 0074: Treoir 94/74/CEE ón gComhairle an 22.12.1994 (IO L 365, 31.12.1994, lch. 46).

Gan dochar do chinneadh foirmiúil atá le glacadh de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE nó do mheasúnacht ar an mbeart sin faoi Airteagal 87 de Chonradh CE, féadfaidh an Pholainn ráta laghdaithe dleachta máil a choimeád ar bun ar pheitreal arna mhonarú le halcól ainhídreach, ola gháis ina bhfuil cion íseal sulfair agus peitreal ina bhfuil éitear d'alcól eitile búitile go ceann bliana tar éis dháta an aontachais.

(¹) IO L 76, 23.3.1992, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 2000/47/CE (IO L 193, 29.7.2000, lch. 73).

## 10. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

31989 L 0655: Treoir 89/655/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ar an láthair oibre (dara Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32001 L 0045: Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27.6.2001 (IO L 195, 19.7.2001, lch. 46).

Ní bheidh feidhm sa Pholainn ag Treoir 89/655/CEE go dtí an 31 Nollaig 2005 i leith trealaimh oibre arna shuiteáil roimh an 31 Nollaig 2002.

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, leanfaidh an Pholainn d'fhaisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

## 11. FUINNEAMH

31968 L 0414: Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáid ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO Uimh. L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.98 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CE, ní bheidh feidhm sa Pholainn ag an íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam go dtí an 31 Nollaig 2008. Áiritheoidh an Pholainn go gcomhfhreagraíonn a híosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí táirgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

— 58 lá faoi cheann dháta an aontachais,

— 65 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2004,

— 72 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2005,

— 80 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2006,

— 87 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2007,

— 90 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2008.

## 12. TEILEACHUMARSÁID AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ AN EOLAIS

31997 L 0067: Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch.1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32002 L 0039: Treoir 2002/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10.6.2002 (IO L 176, 5.7.2002, lch. 21).

De mhaolú ar an dara fomhír d'Airteagal 7(1) de Threoir 97/67/CE, féadfaidh an Pholainn teorainn mheáchain 350 gram a chur i bhfeidhm chun seirbhísí a fhorchoimeád do sholáthróirí seirbhísí uilíocha go dtí an 31 Nollaig 2005. Le linn na tréimhse sin, ní bheidh feidhm ag an teorainn mheáchain sin más ionann an praghas le trí oiread na taraife poiblí do mhír chomhfhreagrais sa chéad chéim mheáchain den aicme is tapúla, nó más mó é ná an méid sin.

## 13. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

1. 31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24).

De mhaolú ar Airteagail 3, 4, 5, 6 agus Iarscríbhinní I go III de Threoir 97/63/CE, ní bheidh feidhm sa Pholainn go dtí an 31 Nollaig 2005 ag na ceanglais do fhearais stórála atá ann ag teirminéil, do luchtú agus díluchtú coimeádán soghluaiste atá ann ag teirminéil, do choimeádáin shoghluaiste atá ann ag teirminéil agus do luchtú i bhfearais stórála atá ann ag stáisiúin seirbhíse. Ag teirminéil ar mó a dtríchur ná 150 000 tonna in aghaidh na bliana, beidh feidhm amhail ón 1 Eanáir 2005 ag na ceanglais do luchtú agus díluchtú coimeádán soghluaiste atá ann.

2. 31999 L 0032: Treoir 1999/32/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair de leachtbhreoslaí áirithe agus ag leasú Threoir 93/12/CEE (IO L 121, 11.5.1999, lch. 13).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 1999/32/CE, ní bheidh feidhm sa Pholainn go dtí an 31 Nollaig 2006 ag na ceanglais don chion sulfair de thromolaí breosla. Amhail ón 1 Eanáir 2005, ní úsáidfear laistigh de chríoch na Polainne aon tromola breosla ina bhfuil cion sulfair thar 1,00 % de réir maise arna tháirgeadh ag scaglann Glimar.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).

(a) Go dtí an 31 Nollaig 2012, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola lena hathghabháil chuig an bPolainn atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.

(b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, féadfaidh na húdaráis inniúla agóidí a dhéanamh i gcoinne loingsithe chuig an bPolainn lena hathghabháil i gcás na dramhaíola seo a leanas ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4(3) den Rialachán. Beidh loingsithe den sórt sin faoi réir Airteagal 10 den Rialachán.

— GE 010 – GE 020 gloine

— GH 010 – GH 015 plaisteach

— GI 010 – GI 014 páipéar

— GK 020 boinn chaite

AA. Dramhaíl a iompraíonn miotal:

— AA 090 ex 2804 80 Dramhaíl agus iarmhair arsanaice

— AA 100 ex 2805 40 Dramhaíl agus iarmhair mhearcair

— AA 130 Licéir ó mhiotail a phicliú

AB. Dramhaíl a bhfuil comhábhair neamhorgánacha go príomha iontu, ar féidir miotail agus ábhair orgánacha a bheith iontu:

AC. Dramhaíl a bhfuil comhábhair orgánacha go príomha iontu, ar féidir miotail agus ábhair neamhorgánacha a bheith iontu:

— AC 040 Slodaí peitril (gásailín) luaidhe

— AC 050 Sreabháin theirmeacha (traschur teasa)

— AC 60 Sreabháin hiodrálacha

— AC 70 Sreabháin choscán

— AC 080 Sreabháin frithreoáin

— AC 110 Féanóil, comhábhair feanóil lena n-áirítear clóraifeanóil i bhfoirm leachtanna agus slodaí

— AC 120 Naftailéiní polaclóirinithe

— AC 150 Clórafluaracarbóin

— AC 160 Halóin

— AC 190 Bruth — meilteach éadrom de dheasca stialladh gluaisteán

— AC 200 Comhdhúile orgánacha fosfair

— AC 230 Iarmhair neamhuiscí halaiginithe nó neamhhalaiginithe driogtha a eascraíonn ó oibríochtaí athghabhála tuaslagóirí orgánacha

— AC 240 Dramhaíl a eascraíonn ó hidracarbóin halaiginithe alafatacha (ar nós clóraimeatán, déchlóireatáin, clóiríde vinile, clóiríde vinilidéine, clóiríde aillile agus eipeaclóirihidríne) a tháirgeadh

— AC 260 Aoileach leachtach muc, faecas

AD. Dramhaíl ar féidir comhábhair orgánacha nó neamhorgánacha a bheith inti:

— AD 010 Dramhaíl ó tháirgí cógaisíochta a tháirgeadh agus a ullmhú

— AD 040 Ciainídí neamhorgánacha, amach ó iarmhair a iompraíonn miotail lómhara i bhfoirm sholadach ina bhfuil rianta de chiainídí neamhorgánacha

— AD 050 Ciainídí orgánacha

— AD 060 Dramhaíl olaí/uisce: meascáin hidracarbón/uisce, eibleachtaí

— AD 070 Dramhaíl ó dhúigh, ruaimeanna, líocha, péinteanna, laicir, vearnais a tháirgeadh, a fhoirmliú agus a úsáid

— AD 150 Ábhar orgánach nádúrtha arna úsáid mar mheán scagtha (ar nós bithscagairí)

— AD 160 Dramhaíl bhardasachta/thís

Amach ó ghloine, páipéar agus boinn chaite, ní fhéadfar an tréimhse seo a fhadú go tráth níos déanaí ná an 31 Nollaig 2012 faoin nós imeachta atá sainithe in Airteagal 18 de Threoir 75/772/CEE [1] ón gComhairle maidir le dramhaíl, mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE [2].

(c) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) 259/93, féadfaidh na húdaráis inniúla agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola chuig an bPolainn lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán agus agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4 (3) de Rialachán (CEE) 259/93;

(d) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) 259/93, déanfaidh na húdaráis inniúla agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV den Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 94/97/CE [3] maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú, le linn na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

De mhaolú ar Airteagal 6(1)(a) agus (b) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Pholainn amach na spriocanna athghabhála agus athchúrsála do na hábhair pacáistithe seo a leanas faoi cheann an 31 Nollaig 2007 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

— plaistigh a athchúrsáil: 10 % de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 14 % faoi cheann 2004 agus íosmhéid 15 % faoi cheann 2005,

— miotail a athchúrsáil: 11 % de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 14 % faoi cheann 2004 agus íosmhéid 15 % faoi cheann 2005,

— ráta iomlán athghabhála: 32 % de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 32 % faoi cheann 2004, 37 % faoi cheann 2005 agus 43 % faoi cheann 2006.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

